# Fóram Chois Fharraige
# um Pleanáil Teanga CTR

Moltaí maidir le

## Plean Forbartha
## Chontae na Gaillimhe
## 2022–2028

Meán Fómhair 2020

## Réamhrá

D'fhoilsigh an rialtas an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 sa mbliain 2010 agus seo an polasaí reatha stáit don Ghaeilge. Achtaíodh Acht na Gaeltachta sa mbliain 2012 mar chuid de pholasaí sin agus é mar aidhm ag an Acht dul i ngleic leis an gcúlú atá ar an nGaeilge mar theanga pobail sa nGaeltacht. Fágann sin go bhfuil feidhm reachtúil ag an bpróiseás pleanála teanga. Ainmníodh 26 Limistéir Pleanála Teanga (LPT) ar fud Ghaeltachtaí na tíre mar thoradh ar an Acht. Tá 10 gcinn de na LPTanna sin i gContae na Gaillimhe.

Tugadh dhá bhliain do phobail na limistéar sin Plean Teanga a réiteach i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, le maoiniú ó Roinn na Gaeltachta. Ar aontú an phlean, tugtar maoiniú bliantúil ar feadh seacht mbliana don cheanneagraíocht san LPT leis an bplean a chur i bhfeidhm.

**Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga**, eagras ar a raibh ionadaíocht ag eagrais dheonacha phobail, forbairt pobail, spóirt, agus siamsaíocht a cheap an tAire Gaeltachta le plean cheantar Chois Fharraige, limistéar ó na Forbacha go Ros a'Mhíl, ceantar a chuimsíonn 5 Toghroinn (DED) mar atá Na Forbacha, An Spidéal, Cill Aithnín, Sailearna agus Cill Chuimín (Gaillimh). a chur i dtoll a chéile. Glacadh le plean an Fhóraim agus tá an Fóram, gur cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é anois, ina ceanneagraíocht agus freagrach as an Plean Teanga atá aontaithe le hÚdarás na Gaeltachta agus faofa ag Aire na Gaeltachta a chur i bhfeidhm. Plean seacht mbliana, 2019–2026, atá ann ina leagtar amach moltaí agus bearta a bhfuil sé mar aidhm leo an Ghaeilge a neartú mar theanga i gCois Fharraige.

Aithníonn an Fóram go bhfuil an phleanáil teanga i gCois Fharraige ag braith chuid mhaith ar dhea-cleachtais phleanála i dtaobh cosaint a thabhairt do chultúr agus d'oidhreacht na Gaeltachta, dualgas reachtúil atá leagtha ar gach údarás áitiúil de réir Alt 10.2 (m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Luaitear sa b*Plépháipéar Saincheisteanna do Phlean Forbartha Chontae an Gaillimhe 2022–28* gur

> *cuid an-bheag den tír atá ainmnithe ina Gaeltacht agus ní mór í a chaomhnú agus an teanga a chur chun cinn inti*

(lth 27)

Is údar sásaimh go bhfuil sé

*beartaithe go mbeidh caibidil a bhaineann go sonrach leis an nGaeltacht sa phlean nua*

(Plépháipéar, 27)

Is mian leis an bhFóram aitheantas a thabhairt don mhéid atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe tríd na gcóras pleanála le cosaint a thabhairt don Ghaeilge i gceantar Chois Fharraige go dtí seo. Tá polasaithe agus cuspóirí i leith na Gaeltachta leagtha amach go soiléir ar leathanach 144 i gCaibidil 10 den Phlean Forbartha Contae 2015–2021. Is é mian an Fhóraim go leanfadh an Chomhairle Contae leis na polasaithe atá aici le 10 mbliana anuas le cosaint a thabhairt don Ghaeilge agus is mian leis an bhFóram freisin go gcuirfí roinnt polasaithe breise i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe don tréimhse amach romhainn le cuid de na bearnaí reatha a líonadh agus le tacú le feidhmiú Phlean Teanga Chois Fharraige.

Tá breis is 6,500 duine ina gcónaí i LPT Chois Fharraige agus tá os cionn 1,500 duine ag obair i dtionscail a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta. Is cainteoirí gníomhacha Gaeilge beagán faoi leath de na daoine atá ina gcónaí san LPT de réir Dhaonáirimh 2016, sa mhéid is go bhfuil 48% den daonra ag tuairisciú go n-úsáideann siad an Ghaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais.

Tá an Ghaeilge faoi bhrú i ngach ceantar i gCois Fharraige. Idir 2011 agus 2016, tháinig laghdú 7% i líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais sa mórcheantar. Má tá an Ghaeilge le maireachtáil i gCois Fharraige caithfear a aithneachtáil go bhfuil gá le bearta láidre i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe leis an nGaeilge a neartú i gCois Fharraige, thart ar An Spidéal agus ar Na Forbacha go háirithe.

Ba cheart An Spidéal a aithint mar shráidbhaile ar leith sa mhéid is gurb é seo an t-aon sráidbhaile gar do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid i measc sciar suntasach den daonra agus in uachtar mar theanga cumarsáide. Is cóir an sain-aitheantas Gaeltachta sin a threisiú tré láithreacht na Gaeilge a neartú in ainmníocht agus i gcomharthaíocht ar ionaid, ar fhoirgnimh, ar fhorbairtí agus ar chláir fógraí. Caithfidh an tírdhreach físiúil a bheith ag teacht leis an tírdhreach teangeolaíoch. Is cóir cosaint speisialta

a thabhairt don Spidéal ó aon fhorbairt a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh d’úsáid na Gaeilge sa sráidbhaile agus thart air.

Le stop a chur leis an gcreimeadh teanga sa gceantar, ní mór neartú ar an gcosaint don Ghaeilge sa bpróiseas pleanála sa bplean forbartha nua. De bharr a chóngaraí is atá siad do Chathair na Gaillimhe, tá ceantair Na bhForbacha agus An Spidéil ag forbairt mar chrios comaitéireachta agus dá bharr sin tá go leor daoine gan Ghaeilge á mealladh chun cónaithe iontu. Aithníodh sin sa bPlean Forbartha 2015–2021

> *tá brú ollmhór ar an bpobal teanga [sa Ghaeltacht] ar go leor fáthanna, ceann acu ná an brú de bharr daoine gan aon Ghaeilge ag bogadh isteach sa Ghaeltacht, chomh maith le tionchair sheachtracha eile agus easpa seirbhísí ina dteanga féin don phobal*

(lth. 143)

Ní leor coinníollacha Gaeilge astu féin. Mura bhfuil córas ciallmhar, éifeachtach ag an gComhairle Chontae leis na coinníollacha a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh drochthionchar teangeolaíoch a bheith ag forbairtí tithíochta, forbairtí atá ag freastal ar chomaitéirí na cathrach, ar thodhchaí na Gaeilge i gCois Fharraige – sna Forbacha agus sa Spidéal go háirithe. Dá bharr sin, iarrann an Fóram ar an gComhairle Chontae aird a thabhairt ar na moltaí atá sa gcáipéis seo.

Is rómhinic a bhíonn deacrachtaí as an ngnáthach ag cainteoirí dúchais Gaeilge ón gceantar cead pleanála a fháil le teach a thógáil agus ní bhíonn de rogha acu ach imeacht as an gceantar go ceantar Gaeltachta eile nach mbíonn an Ghaeilge in uachtar ann nó chuig ceantar taobh amuigh den Ghaeltacht ar fad. Tá an iomarca constaicí agus costais á gcur ar an té atá ag iarraidh teach a thógáil i gceantar Chois Fharraige. Tá sé fíor-dheacair do dhaoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus gur mian leo lonnú sa gceantar cead tógála a fháil.

Ba cheart don Phlean Forbartha nua aitheantas cuí a tabhairt don nósmhaireacht atá i gCois Fharraige, nós atá seanbhunaithe leis na glúnta, go bhfaigheann daoine óga ón gceantar suíomh óna muintir le teach a thógáil air. Toradh an-dearfach agus fíor-thábhachtach ó taobh

seachadadh teanga de atá ar an gcleachtas seo go mbíonn caidreamh rialta ag gasúir na ndaoine sin lena seanmhuintir, an ghlúin a bhfuil Gaeilge den scoth acu.

Ní léir gur cuireadh an polasaí **Neartú Gaeltachta** i bhfeidhm, mar a bhí leagtha amach i bPlean Áitiúil na Gaeltachta. Ceapadh an polasaí **Neartú Gaeltachta** le go bhféadfadh daoine le Gaeilge líofa ar mhian leo cur fúthu i bpobal labhartha Gaeilge ach nárbh as an gceantar iad, cead a fháil teach cónaithe a thógáil sa gceantar. Is daoine iad seo a láidreodh staid na Gaeilge i gCois Fharraige agus a láidreodh an pobal ar bhealaí eile chomh maith.

## Moltaí

Cé gur tháinig méadú beag sa daonra i LPT Chois Fharraige idir 2011 agus 2016, bhí laghdú 7% sa líon daoine a dúirt go n-úsáideann siad an Ghaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais. Le stop a chur leis an gcreimeadh teanga sa gceantar caithfear an chosaint a tugtar don Ghaeilge sa bpróiseas pleanála a láidriú sa bplean forbartha nua.

Tá moladh ag dul do Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an gcosaint a tugadh don Ghaeilge mar theanga pobail i bPlean Forbartha an Chontae 2015–2021.

Le cosaint a thabhairt don Ghaeilge tríd an gcóras pleanála i gceantar láidir Gaeltachta ar nós Chois Fharraige atá faoi bhrú ó cheantar mór daonra ar nós Chathair an Gaillimhe, moltar na beartais seo a leanas.

1.

(a) Breathnú ar na rialacha pleanála atá i bhfeidhm faoi láthair i gCois Fharraige féachaint an bhféadfaí iad a leasú le nach mbeadh an oiread constaicí agus costais agus atá ann faoi láthair roimh cainteoirí dúchais Gaeilge atá ag iarraidh cead pleanála le teach a thógáil.

(b) Moltar go háirithe go n-athrófaí an riachtanas 0.5 de acra a bheith i suíomh do theach aonair a laghdú go 0.33 de acra, an fhad is nach mbeadh aon bhaol ann don timpeallacht.

(c) Cead tógála a bheith ar bhóithre áise agus forbairtí a cheadú ar chúl suíomh a bhfuil teach tógtha air cheana féin.

2. Go mbeadh Oifigeach Pleanála an Chomhairle Contae i gceantar Chois Fharraige eolach faoi chúrsaí pleanála teanga agus inniúil ar an nGaeilge le

(a) go dtuigfeadh an Chomhairle Chontae an tionchar a imríonn an phleanáil fhisiciúil ar an gcothromaíocht teangeolaíoch

(b) gur féidir leis an gComhairle Chontae seirbhís iomlán a thabhairt don phobal i gCois Fharraige a roghnaíonn gnó a dhéanamh i nGaeilge.

3. Go gcinnteofaí go mbeadh daoine atá ag tógáil tithe aonair ar thalamh atá criosaithe le haghaidh tithíochta ag comhlíonadh na gcoinníollacha céanna faoin gclásal teanga ó thaobh riachtanas tithíochta de is a bheadh an té a bheadh ag cur isteach ar chead ar theach aonair aon áit eile sa gceantar lena chinntiú go bhfuil cothromaíocht ann i leith coinníollacha.

(a) Moltar go mbeadh an coinníoll teanga céanna le comhlíonadh i gcás teach aonair is a bheadh i gcás teach in eastáit/scéimeanna tithíochta. Faoi láthair, de bharr pholasaí an Oifig Pleanála gan coinníollacha faoi riachtanas tithíochta ná faoi chumas Gaeilge na n-iarratasóirí a chur i bhfeidhm i gcás tithe aonair a thógtar ar an talamh atá criosaithe le haghaidh tithíochta sa Spidéal, tá an talamh á dhíol ag praghas ar an margadh oscailte atá i bhfad ródhaor do dhaoine as an gceantar atá ag iarraidh fanacht

sa gceantar agus teach a thógáil dóibh féin ar an talamh seo. Mar nach bhfuil aon choinníoll teanga ar thithe aonair ar an talamh áirithe seo, níl an talamh á dhíol ar mhaithe le scéimeanna tithíochta. Fágann seo nach bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais reatha tithíochta an phobail, daoine nach bhfuil a gcuid talún féin acu, agus tá neart díobh sin sa bpobal anois. Dá mbeadh scéim / scéimeanna tithíochta ann bheadh 80% ar a laghad de na tithe sin ar fáil do dhaoine le Gaeilge. Ní dea-chleachtas ná dea-phleanáil é go mbeadh dlús tithíochta chomh híseal le 2 theach don acra ar thalamh atá criosaithe do thithíocht in aice sráidbhaile nó ceantar lonnaíochta.

4. Go mbeadh ceist faoi inniúlacht ar an nGaeilge ar an bhfoirm iarratais ar chead pleanála, fiú sna ceantair atá criosaithe le haghaidh tithíochta. Chuige sin ní mór mír a bheith ar an bhFoirm Iarratas Pleanála a d'fhiosródh cumas Gaeilge an iarratasóra agus an teaghlaigh i gcás iarratais ina bhféadfadh cead pleanála tionchar a imirt ar chothromaíocht teangeolaíoch ceantair.

5. An polasaí '**Neartú Gaeltachta**' a bhí mar chuid de Phlean Ceantar Áitiúil na Gaeltachta 2008–2018 a bheith mar chuid bhunúsach den Phlean Forbartha 2022–2028.

(a) Ba cheart go ndéarfaí go soiléir go bhfuil sé mar pholasaí ag an gComhairle Chontae a bheith báúil le cainteoirí Gaeilge ón nGaeltacht agus le cainteoirí líofa nach as an nGaeltacht dóibh a bheadh ag iarraidh cead pleanála a fháil ach an suíomh a bheith feiliúnach agus a bheith in ann a chruthú go bhfuil siad líofa sa nGaeilge agus toilteannach í a úsáid.

6.

(a) Go leanfaí le húsáid a bhaint as an gCáilíocht Chónaitheach Gaeltachta a chuireann Clásal Feidhme Teanga ar 80% de na haonaid chónaithe i gcás forbairtí le 2 theach nó níos mó iontu.

(b) go méadófaí an tréimhse don chlásal feidhme teanga go 20 bliain.

7.

(a) Go leagfadh an Chomhairle Contae caighdeán aitheanta Gaeilge síos le húsáid le tástáil a dhéanamh ar iarratasóir faoin gClásal Feidhme Teanga.

(b) go ndéanfaí monatóireacht neamhspleách rialta ar an bpróiseas tástála.

8. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe éirithe an-siléigeach i dtaobh comharthaí fógraíochta i mBéarla amháin nó Béarla ar an gcuid is mó á gcrochadh ag lucht gnó nó eagraíochtaí eile ar thaobh an R336.

(a) go ndéarfaí go soiléir i bPlean Forbartha an Chontae nach gceadófar comharthaí fógraíochta a chrochadh ar thaobh an R336 gan iad a bheith i nGaeilge amháin nó dhátheangach le Gaeilge in uachtar.

(b) go gcaithfeadh áit-ainmneacha agus ainmneacha scéimeanna /eastáit titíochta nua a bheith i nGaeilge amháin.

(c) go gcaithfeadh comharthaíocht ar ghnónna a bheith i nGaeilge nó Gaeilge agus teanga eile agus tús áite ag an nGaeilge.

(d) go mbeadh ról ag Oifigeach Gaeilge an Chomhairle Contae agus ag an hOifigigh Pleanála Teanga sa bpróiseas le foclaíocht a mholadh, a fhaomhadh agus a cheadú.

9. Go mbeadh sé mar pholasaí daingean ag Comhairle Chontae na Gaillimhe úsáid a bhaint as na logainmneacha i nGaeilge, mar a sonraítear iad san Ionstram Reachtúil 872 ar a dtugtar an tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 sa gcóras pleanála i gcás iarratais pleanála sa nGaeltacht.

10.Go mbreathnófaí go fabhrach ar iarratais phleanála a bhainfeadh le forbairt is feidhmiú tograí teanga-bhunaithe agus phobal-bhunaithe ar nós forbairt na gcomharchumann pobail, forbairt na n-eagraíochtaí forbartha, forbairt na n-eagraíochtaí spóirt agus siamsaíochta chomh maith le Coláistí Gaeilge i gceantar Chois Fharraige.

11. Tá go leor daoine ó cheantar Chois Fharraige nach bhfuil talamh feiliúnach ag a muintir le tógáil air. Ar mhaithe le freastal ar dhaoine mar sin moltar

(a) criosú faoi leith a dhéanamh ar thalamh i gceantar Chois Fharraige ag lonnaíochtaí atá gar do áiseanna ar nós scoileanna, siopaí agus séipéal, ar a bhféadfaí líon beag tithe a thógáil, ar a mbeadh 4 go 6 teach ag roinnt rochtain ar sheirbhísí riachtanacha ar nós uisce, leictreachais, séarachas agus leathanbhanda.

(b) moltar aitheantas a thabhairt do chúig ceantair lonnaíochta i gCois Fharraige, Na Forbacha An Cnoc, Na Minna, Baile na hAbhann agus Ros a' Mhíl, chomh maith leis An Spidéal.

Neartódh beartas mar seo an Ghaeilge sa gceantar dá mbeadh sé níos éasca ar dhaoine ón gceantar, nach bhfuil talamh acu féin ná ag a dteaghlaigh, teacht ar shuíomh ar a mbeadh na seirbhísí riachtanacha agus réasúnta gar do áiseanna sa bpobal.

12. Is é an Spidéal an t-aon sráidbhaile gar do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid i measc sciar suntasach den daonra agus in uachtar mar theanga cumarsáide. Moltar

(a) Go dtabharfaí aitheantas ar leith sa bPlean Forbartha mar shráidbhaile ina bhfuil an Ghaeilge láidir mar theanga pobail.

(b) Go mbeadh sé mar pholasaí gan aon fhorbairt, beag ná mór, a cheadú a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do sheasamh na Gaeilge sa Spidéal.

## Iarfhocal

Is mar thoradh ar an easpa cosanta a tugadh san am atá caite don Ghaeilge a tharla cuid mhaith den chreimeadh teanga le scór bliain anuas i gceantar Chois Fharraige. Tá dualgas reachtúil agus ról tábhachtach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe beartais a chur sa bPlean Forbartha le stop a chur leis an gcreimeadh teanga i gCois Fharraige, ceantar atá faoi bhrú agus a ghaireacht do Chathair na Gaillimhe mar ghné shuntasach den bhrú sin.

Is trí chuspóirí cinnte agus polasaithe soiléire leis na cuspóirí sin a chur i bhfeidhm a bheas an Chomhairle Contae in ann Gaeltacht Chois Fharraige a neartú, lena chinntiú go leanfaidh formhór na ndaoine sa gceantar ag úsáid na Gaeilge mar gnáth-theanga labhartha.

Má tharlaíonn sé le linn thréimhse an phlean nua forbartha go lagófar an Ghaeilge, d'fhéadfadh sé tarlú go gcuirfí an chothromaíocht teangeolaíoch as riocht chomh mór is nach bhféadfaí a rá feasta gur ceantar láidir Gaeltachta é Cois Fharraige, ceantar ina bhfuil an Ghaeilge fós in úsáid ar bhonn laethúil ag sciar mór den phobal.

Dá dtarlódh sin ní hamháin go mbeadh cailliúint eacnamaíochta i gceist don cheantar agus don chontae ach bheadh lagú ar fhéiniúlacht an phobail i gCois Fharraige agus i gConamara Theas trí chéile agus ar Chontae na Gaillimhe féin.